

AN OB AIR A BHÍODH AR NA MNÁ I GCOIS FHAIRRGE INS A'TSEANAIR.

Thugadh na mná cead iasgaidh dá gcuid fear. Ins an am sin thugadh an uair an-bhreagh an-chiúin. Nuair a bhíodh na fataí curtha ag na fir thosóchadh na mná dá lánú, an bhean a bhí aonraic gan aon chongnamh thiubhradh sí léithe páiste ar a druim. Chasadh sí báinín aniar faoi na lár. Bheadh sí ag obair nó go dtuitfeadh an páiste ina chodladh ar a druim. Nuair a thuitfeadh sé ina chodladh thógfadh sí an páiste anuas agus chasfadh sí cóta dearg air, mar tá sé ráidhthe go seachnóchadh gach uile droch rud an t-éadach dearg. Bhéarfadh sí annsin ar dhá sheamaide féir, dhéanfadh sí an chrois chéasta díobh as cionn an pháiste agus leigfadh sí i gclais na bhfataí é. Bheadh sí ag obair léithe annsin go ndúisigheadh an páiste aríst. Ba shin b'féidir i mbéalmhach an dinnéir. Gabhfadh sí féin agus an páiste abhaile annsin agus dhéanfadh sí sásan leite do'n pháiste sin d'íosfadh sí dinnéar annsin í féin. Thiubhradh sí amach an páiste arís léithe ins an ngort nó go dtuitfeadh sé ina chodladh aríst agus nuair a mhúsglóchadh sé cuirfeadh sé ar a bhrollach é nó go dteagadh suan air. Leagfadh sí san áit céadna aríst é- mara raibh aon tinneas ar an bpáiste ná fiacla ag dhul dó chodlóchadh sé arís go tráthnóna.

Bhaineadh an bhean aonraic an lán agus chartadh sí é. Nuair a thiocfadh an tráthnóna d'fágfadh sí an páiste i dteach na comharsana. Thiubhradh sí cliabh léithe agus ghabhfadh sí ag an mbád go dtiubhradh sí an t-ualach éisg sin abhaile óna fear. Nuair a bhí a béile ithte aice trathnóna thiubhradh sí an t-iasg sin léithe agus glanadh sí é. Nuair a bhí an méad sin déanta aice thiubhradh sí cead silt dó. Bhéarfadh sí ar a sgian agus sgoilteadh sí é. Gheabhfadh sí baraille agus a cuid salainn agus ní gabhfadh sí a chodladh go soilleadh sí é. Dá mbeadh an obair déanta luath san oidhche aice bhéarfadh sí ar a péire carlaí agus gabhfadh sí ag déanamh rollaerí. Ins an oidhche lá ar na bháir bhéarfadh sí ar na túirne agus gabhfadh sí ag sníomhachán. Ní thiubhradh sí furas ná suaimhneas dí féin nó go gcríochnuigheadh sí é sin le cur ag a bhfigheadóir. Ní raibh aon uair ag an mbean tighe aonraic ach cupla uair le codladh, más bean mhaith a bhí innte. Bhí sí ina suidhe ar maidin le glaodh na fuiseoige. Ní raibh mórán ban ar bith aca seo ó ghabhfadh siad in éadan túirne nó carla a sgoitséal nó amhrán aca a choinneochadh chomhlúadar aca féin

Ba mhór na hamhráin ins an am sin le mná.

Coinnleach glas an fhógmhair

Eibhlín a Rúin

An chúis dhá pléidhe

Mo stoirín Jenny Ward

Úna dheas ní Niadh
Ros a' Mhíl cois cuain
Sadhbh inghean Eoin Óig.

Bhí mé trathnóna agus mé ag tigheacht ó loch ag dul go dtí loch eile agus chuala mé bean a bhí ag bleadhan bó agus séard a dubhairt sí

"Tá an gairdín seo ina fhásach agus nach álainn é a bláth
tá ubhla buidhe ar barra crann ann
agus a chuid spionán ag fás
tá sailíní faoi n-a bhláth
tá mo stóirín ar chathaoir chláir
ann agus a leabhar ina láimh
dá bhféadainn í a mhealladh thar
sáile liom níor bhaoghal dom aon bhás."

Nuair a d'airigh sí mé stop sí. "Lean dó," a deirim-se, ach níor lean. Bhí sí cúthail, níor chuala mé ariamh nó ó shoin an t-amhrán. Sí a bhí indon a gabhail go blasta cumhra. Níor chualas ariamh níos binne mhilse ná í ná aon duine eile dár chuala í. Brighid Ní Dhonnchadha a bhí uirthi.

Bhí Brighid Ní Dhonnchadha seo i nGaillimh Aoine na Nodlag – thagadh na sluaidhte bean an t-am sin sean agus óg – go Gaillimh an Aoine roimh Nodlaig. Ó thuiteadh oidhche ní gabhadh aon bhean aca amach ar fud na Gaillimhe ach suidhe síos ag gabhail fhuinn agus ag casadh port. Bhí Brighid ag cuir fúithe i dtigh Aontaine Uí Fhíne ar a bhFaithche Bhig, bhí fhios ag chuile dhuine go raibh an glór cinn aice agus an t-amhrán. D'iarr Aontaine Ó Fíne amhrán uirthi. Níor fhan fupa ná fapa aice. "Aontaine Uí Fíne" adeir sí, "ní cheideochainn ar mo phéire bróg thú a eiteach, ach níl sí ag tigheacht liom. Nuair a d'óladar a gcuid taé agus chuadar a chodladh ní mórán achair a bhí sí ina codladh nuair a labhair sí "A Antoine Uí Fhíne," adeir sí "a bhfuil tú i do chodladh? "Nílim anois," adeir Antoine, "éist anois," adeir sí. Thosuigh sí ag gabhail fuinn. Sé an t-amhrán a dubhairt sí "Coinnleach glas an Fhóghmhair." Níor fhan fear ná bean sa teach gan éirighe agus a gcuid éadaigh a chuir ortha. Sin lom na fírinne. Sé an darna amhrán a dubhairt sí "Plainéid Mhuigheo" agus lean sí dó go maidin. "Chaith mé seacht mbliana déag," adeir Antoine Ó Fíne, "ins na stataí. Tá mé ocht mbliana déag ar an mbaile seo, do leitheid" adeir sé "níor chuala mé ariamh a bhfus nó thall," is mó an fonn goil a bhí ortha ná gáire mar bhí a glór chomh buadhartha sin, ní raibh coime ar bith le Brighid Ní Dhonnchadha.

Bhí dhá shúil'na cloigeann chomh glas leis an drúcht bhí an lasa ba deise innte a d'fhéadfá a fheiceál. Bhí folt gruaige uirthi ar dhath an óir bhuidhe. Sé an áit a rugadh is tóigeadh í istigh i mbarr Roisín.

An lá bhí sí ag imtheacht go Meireacá shín sí lámh agam.